



## Mí na Samhna 2019: Mí na Marbh

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 ná ‘Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia’. Agus muid ag ullmhú do cheiliúradh SSC 2020 agus ag súil go mór leis, cuimhnimis ar an mhuintir a d’imigh romhainn trínár ndóchas i gcreideamh an aiséirí a chomóradh. Cabhróidh an acmhainn seo le ‘Mí na Marbh’ a cheiliúradh ar scoil mar ullmhúchán do SSC 2020. Cuirfear tús leis ar 26 Eanáir 2020.

Tugann **Tráth Mhí na Samhna** chun cuimhne an gealltanais a thug Íosa do lucht an chreidimh nach bhfaighidís bás, ach go mbeadh aiséirí úr i mbeatha Chríost i ndán dóibh. Cuimhnimid ar an ngealltanais a thug Íosa do Mharta, deirfiúr Lazaras.

Arsa Íosa léi, “Mise an t aiséirí agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé, agus gach duine a mhaireann is a chreideann ionamsa, ní bhfaighidh sé bás choíche. An gcreideann tú an méid sin?” (Eoin 11:25-26).

Creidimid mar Chríostaithe go sáraíonn grá Dé an bás. Bíonn súil againn tar éis bháis dúinn go n-ardófar chun na Beatha Síoraí i dteanna Dé sinn.

Cuireann an t-aitheasc ‘Regina Coeli’ a thug an Pápa Proinsias uaidh i gCearnóg Pheadair ar Luan Cásca 2015 dúshlán romhainn dea-scéala aiséirí Chríost a fhógairt – an rud is áille a bhronnfadh an Críostaí ar an duine eile. Scaiptear brón an bháis agus cuirtear gealltanais na beatha síoraí le Dia ina áit. Ardaítear i dtreo na beatha síoraí in éineacht le hÍosa sinn.

Is é seo mana na hEaglaise ón gcéad lá: “Tá Críost aiséirithe!”. Is tríd, agus tríd an bhaisteadh a aiséirimid chomh maith; thángamar tríd an bás chun na beatha, chaitheamar sclábhaíocht na bpeacaí uainn le saoirse an ghrá a aimsiú. Seo é an dea-scéal a deirtear linn a scaipeadh ar chách i ngach aon áit, trí ghrásta an Spioraid Naoimh. Is é an creideamh in aiséirí Íosa agus an dóchas a thugann sé dúinn, an bronntanais is luachmhara a d’fhéadfadh an Críostaí

a bhronnadh ar an duine eile. Bímis ag rá le cách gan staonadh: Tá Críost aiséirithe! Déanaimis athrá leanúnach air, ar an láthair seo inniu, ‘Tá Críost aiséirithe!’

Bíodh sé á rá againn i bhfocail, agus go háirithe tríd an fhianaise agus an tslí maireachtála a chleachtaimid. Ba cheart go mbeadh scéal an aiséirí le sonrú ar ár n-aghaidheanna gealgháireacha, agus sna dearctha agus na nósanna a chleachtaimid, agus san aire a thugaimid don duine eile.


Déanaimid aiséirí Chríost a fhógairt nuair a bhíonn solas Dé ag lonnú ar na hamanna dorcha inár saol, agus ba cheart an solas a roinnt leis an duine eile. Bíodh áthas orainn i dteannta an duine eile ar an ócáid áthasach, agus meon comhbháich againn don té atá thíos leis agus in éadóchas; bíodh an soiscéal á ríomh againn don duine a lorgódh brí agus sonas an tsaoil seo. Má bhíonn an dearcadh, an fhianaise, an tslí maireachtála ceart ionainn, deirimid le cách: ‘Tá Íosa aiséirithe!’ Abraimís le croí agus le hanam é!

### Do na Paróistí

Is féidir imeachtaí an trátha seo a shuiteáil taobh istigh de théamaí liotúirgeacha/Aifreann Mhí na Samhna/ Cuimhneachán na bhFírean muirneach Uile atá Marbh. Is féidir an tseirbhís urnaí a úsáid sa pharóiste le paistí nó le déagóirí.

#### Acmhainní:

- ★ Acmhainn ábhartha ó churaclam an oideachais reiligiúnaigh Chaitlicigh do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna na hÉireann
- ★ Ceacht Shóisearach (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2/P1–P4)
- ★ Ceacht Shinsearach (Rang 3 – Rang 6/P5–P7)
- ★ Seirbhís Chuimhneacháin Urnaí





## Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann

**Snáithe:** An Creideamh Críostaí

**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí

- ★ Ba mhaith le Dia, cách a bheith go sona sásta ar neamh go síoraí (1 Eoin 3:2; 1 Cor 13:12; CCC 1023)
- ★ Nuair a fhaighimid bás téimid abhaile chun Dé (CCC 1020)

**Snáithe:** Liotúirge & Urnaí

**Snáithaonad:** Paidreacha Breise

Paidir ar son na Marbh/ar son na n-easlán agus iadsan ar tí bháis

### Leibhéal 2

**Snáithe:** An Creideamh Críostaí

**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí

- ★ Gheall Íosa dúinn go raibh saol nua ar domhan agus i ndiaidh ár mbáis i ndán dúinn
- ★ Creidimid go gcuirfidh Dia gloch chun na bhflaitheas orainn ar uair ár mbáis (CCC 1011)
- ★ Is é plean Dé é go mbeimis inár gcónaí ina theannta le Muire agus Íosa agus leis na haingil is na naoimh ar neamh tar éis bháis dúinn (CCC 1024)

**Snáithe:** Liotúirge & Urnaí

**Snáithaonad:** An Bhliain Liotúirgeach

- ★ Ar Lá Chuimhneachán na Marbh tugann an Eaglais na daoine sin chun cuimhne agus guíonn ar a son.

### Leibhéal 3

**Snáithe:** An Creideamh Críostaí

**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí

- ★ Ba mhaith le Dia go gcónódh cách go sona ar neamh go síoraí leis, toisc gur shlánaigh Íosa muid (GS 18; CCC 1026)
- ★ Trí aiséirí Íosa ó na mairbh agus trína dheascabháil ar neamh chinntigh sé go bhféadfaimis An Bheatha Shíoraí a roinnt leis (CCC 666–7)

- ★ Arsa Íosa, ‘Gach duine a fheiceann an Mac agus a chreideann ann, go mbeadh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach.’ Creideann na Críostaithe go dóchasach go bhfuil an t-aiséirí i ndán dóibh agus saol nua i dteannta Íosa aiséirithe. Tugtar An Bheatha Shíoraí air (1 Cor 15:23–4)
- ★ Díreach mar a d’aiséirigh Críost chun na beatha síoraí, tá an bheatha shíoraí i ndán dúinne ar Lá an Luain (CCC 1016; 1 Cor 15:54–7)
- ★ Creideann na Críostaithe go dtabharfaidh siad aghaidh ar Dhia agus iad i dteannta Chríost tar éis bháis dóibh (1 Cor 13:12)

### Leibhéal 4

**Snáithe:** An Creideamh Críostaí

**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí

- ★ Mairfidh an uile rud atá fiúntach ar domhan, i Ríocht na bhFlaitheas
- ★ Cabhraíonn gach gníomh cineálta, flaitiúil freastail, le Ríocht Dé a thógáil
- ★ Suáilce na bhflaitheas: maireachtáil go síoraí i dteannta Dé agus na naomh ar bhealach eolach grámhar (CCC 1024, cf. 1026–7)
- ★ Gheobhaidh an corp bás ag deireadh ré ach tá an claochlú i ndán dó (Aiséirí an Choirp; cf. LG 48; CCC 988–90, 1020)
- ★ Trí ghrásta agus trí thrócaire Dé, bíonn an dóchas i measc na gCríostaithe gur bhain pobal grámhar Dé atá ar shlí na fírinne, an bheatha shíoraí ar neamh amach dóibh féin (GS 18)
- ★ Is é guí na hEaglaise é go slánófar cách (CCC 1058)
- ★ Cuireann na Caitlicigh guí in airde ar son anamacha i bpurgadóir ar Lá Fhéile na Marbh agus i rith na bliana ar fad
- ★ Bíonn an Eaglais ag súil leis go mbronnfar trócaire Dé ar na mairbh, agus guíonn sí ar a son, tríd an Eocairist ach go háirithe



## Ceacht Shóisearach

### Naíonáin Shóisearacha—Rang 2 (P1–P4)

#### Nótaí don Oide

I dtráth **Mhí na Samhna** breathnaímid ar lucht leanúna Íosa, mar an mhuintir lán de dhóchas. Tá an dóchas ionainn go gcomhlíonfar gealltanas Íosa ónár dtaobh féin de, agus ó thaobh na muintire muirní.

Thug Íosa gealltanas dúinn go bhfillfeadh na fíréin abhaile chuige tar éis bháis dóibh. An mhuintir mhuirneach a fuair bás cheana féin, tá siad ar neamh agus is féidir linne guí chucu, agus ar a son chomh maith.

I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Naomh Uile agus ar Lá Fhéile na Marbh (1&2 Mí na Samhna), tugaimid ár gcairde agus ár ngaolta atá ar shlí na fírinne chun cuimhne.

Daoine ar aon dul linne a bhí sna naoimh. Chaitheadar saol fiúntach, thugadar aire don duine eile, rinneadar urnaí agus iarracht an domhan a fheabhsú. Aithnímid Naomh Pádraig agus Naomh Bríd. An bhfuil daoine lenár linn féin a mhaireann ar nósanna Dé agus a thugann spreagadh dúinne maireachtáil mar an gcéanna (m.sh. An Br Kevin Crowley, An tSr Stan)?

Nóta: Beidh múinteoirí aireach faoi chuid den ábhar seo má bhaineann sé le páistí ar cailleadh duine muinteartha leo le déanaí.

Tugann an físeán YouTube le carachtair Lego, cur síos ar bhunús Oíche Shamhna/Oíche na Naomh Uile.



[https://www.youtube.com/watch?v=Oy66\\_pgeORA](https://www.youtube.com/watch?v=Oy66_pgeORA)

#### Smaoinigh

Taighde leis an rang maidir le gnéithe na séasúr agus na ceisteanna seo á gcur orthu:

1. Cad is 'naomh' ann?
2. An bhfuil naomh ar bith ar aithne againn?
3. Cén fáth go mbíonn ceiliúradh againn ar 31 Deireadh Fómhair, Oíche Shamhna?

*(Is é an lá roimh Lá na Naomh Uile é. Scríobh nod ar an gclár bán dóibh más gá. Scríobh 'Hallow' = 'Naomh').*

#### Taighde

Mí ar leith í Mí na Samhna. Ar an gcéad lá bíonn Féile na Naomh Uile ann. Déanann an Eaglais na daoine sin a fuair bás agus atá ar neamh in éineacht le Dia a chomórath. Téimid ar Aifreann le saol na ndaoine naofa seo a cheiliúradh.

Naomh atá i nduine ar bith a mhair agus a fuair bás i ngrá Dé. Baill teaghlaigh, comharsana, cairde linne atá iontu. Ní bhíonn ainmneacha na naomh uile ar eolas againn. An bhfuil aithne agatsa ar naomh ar bith?

#### Gníomhaíocht

I rith Mhí na Samhna, tugaimid an mhuintir mhuirneach a d'imigh romhainn chun cuimhne. Scríobhfar ainmneacha de dhaoine áirithe a fuair bás, agus atá ar neamh le cúnamh Dé, ar leathanach gníomhaíochta na sóisear agus is féidir pictiúir a tharraingt chomh maith. Is féidir gur ball teaghlaigh a bheadh i gceist, nó cara linn, nó duine de na comharsana, nó peata fiú. Cuimhnímis chomh maith orthusan nach bhfuil duine ar bith acu a dhéanfadh urnaí ar a son.

Cuir na pictiúir/ainmneacha ar taispeáint in áit urnaí/spás beannaithe an ranga.



## Leathanach Gníomhaíochta na Sóisear







## Ceacht Shinsearach Rang 3–Rang 6 (P5–P7)

### Nótaí don Oide

I dtráth **Mhí na Samhna** breathnaímid ar lucht leanúna Íosa, mar an mhuintir lán de dhóchas. Tá an dóchas ionainn go gcomhlíonfar gealltanas Íosa ónár dtaobh féin de, agus ó thaobh na muintire muirní.

Thug Íosa gealltanas dúinn go bhfillfeadh na fíréin abhaile chuige tar éis bháis dóibh. An mhuintir mhuirneach a fuair bás cheana féin, tá siad ar neamh agus is féidir linne guí chucu, agus ar a son chomh maith.

I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Naomh Uile agus ar Lá Fhéile na Marbh (1&2 Mí na Samhna), tugaimid ár gcairde agus ár ngaolta atá ar shlí na fírinne chun cuimhne.

Bíonn sé deacair glacadh le gealltanas Íosa faoin saol síoraí uaireanta, ach go háirithe má fhaigheann an té a raibh cion againn air nó uirthi, bás. Tuigimid mar Chríostaithe gur fíor an gealltanas má bhreathnaímid ar an mbealach ar ardaigh Íosa Lazaras ó na mairbh. Caithfear súil ar an mhíorúilt sin sa cheacht seo agus ar an mbealach inar féidir linn ceiliúradh a dhéanamh i rith Mhí na Samhna ach go háirithe, ar an mhuintir mhuirneach atá tar éis bháis.

Bíonn an bheatha ar nós séasúr an domhain álainn a chruthaigh Dia dúinn. Anois táimid óg agus ag fás aníos in earrach an tsaoil. Bímid ag bláthú sa samhradh, ag aibiú agus ag dul in aois san fhómhar. Deir an Bíobla: ‘Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir’ (Cóh 3:1).

**Nóta:** Beidh múinteoirí aireach faoi chuid den ábhar seo má bhaineann sé le páistí ar cailleadh duine muinteartha leo le déanaí.

### Smaoinigh

Tosaigh le plé gairid a dhéanamh ar an tuiscint Chríostaí faoin mbás agus faoi bhás na muintire muirní. Cén áit a dtéimid? Cad a tharlaíonn ag an tsochraid?



**Nóta:** Creidimid go dtugann Dia cuireadh chun na bhflaitheas dúinn tar éis bháis (CCC 1011); Is é plean Dé é go mairfimis go deo ar neamh leis, le hÍosa, le Muire, leis na haingil agus leis na naoimh uile. (CCC 1024).

Tráth deacair strusmhar a bhíonn ann nuair a fhaigheann duine bás, is cuma an ball teaghlaigh, nó cara, nó peata fiú, a bheadh i gceist. Is gnách an rud é go mothóimis gortaithe, brónach, uaigneach, feargach, measctha suas.

Is é gealltanas Íosa é go mbeidh na fíréin in éineacht ar neamh leis tar éis bháis dóibh. An mhuintir mhuirneach a fuair bás cheana féin, tá siad ar neamh agus is féidir linne guí chucu, agus ar a son chomh maith.

I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Naomh Uile agus ar Lá Fhéile na Marbh (1&2 Mí na Samhna), tugaimid ár gcairde agus ár ngaolta atá ar shlí na fírinne chun cuimhne.

### Taighde

Is féidir tuilleadh faoi ghealltanas Íosa a fhoghlaim ón gcur síos atá ann ar an uair i Soiscéal Naomh Eoin ar ardaigh Íosa, Lazaras ó na mairbh (11:1–44).



## Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia

Bhí duine áirithe tinn, Lazaras ó Bhéatáine, baile Mháire agus Mharta a deirfiúr. Ba í an Mháire sin a raibh a deartháir Lazaras tinn anois, a rinne an Thiarna a ungadh le hola. Chuir na deirfiúra teachtairacht chuige á rá: “A thiarna, féach, tá an té is ionúin leat tinn.” Nuair a chuala sé go raibh sé breoite, mar sin féin, d’fhan sé dhá lá mar a raibh sé. Ansin, tar éis an méid sin, dúirt sé lena dheisceabail: “Téimis go Iúdáia arís. Tá ár gcar Lazaras ina chodladh, ach táim ag dul á dhúiseacht.” Dúirt a dheisceabail leis ansin: “Má tá sé ina chodladh, a Thiarna, beidh sé slán.” Dúirt Íosa leo go hoscailte ansin dá bhrí sin: “Tá Lazaras marbh”.

Bhí Béatáine timpeall chúig staid déag ó Iarúsailéim. Ar theacht d’Íosa dá réir sin, fuair sé é agus é ceithre lá cheana féin sa tuama. Bhí cuid mhór Giúdach tagtha ag triall ar Mharta agus ar Mháire chun sólás a chur orthu i ndiaidh a ndearthár. Nuair a chuala Marta mar sin go raibh Íosa tagtha, chuaigh sí amach ina choinne. Dúirt Marta ansin le hÍosa: “A Thiarna, dá mbeifeá anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás.” Dúirt Íosa léi: “Éireoidh do dheartháir arís. An gcreideann tú an méid sin?” “Tá a fhios agam,” arsa Marta leis, “go n’éireoidh sé arís san aiséirí an lá deireanach.” Dúirt Íosa léi: “Mise an t-aiséirí agus an bheatha.” D’imigh sí agus ghlaoigh sí ar Mháire a deirfiúr agus dúirt: “Tá an máistir anseo agus tá sé ag glaoch ort.”

Nuair a chuala sise an méid sin d’éirigh sí go tapa agus chuaigh sí ag triall air. Lean na Giúdaigh í. Nuair a tháinig Máire mar a raibh Íosa, agus go bhfaca sí é, chaith sí í féin ag a chosa, á rá leis: “A Thiarna, dá mbeifeá anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás.” Ansin nuair a chonaic Íosa ag gol í agus na Giúdaigh a tháinig in éineacht léi ag gol, bhris a ghol ar Íosa. Dúirt na Giúdaigh dá bhrí sin: “Féach, cad é cion a bhí aige air!” Ach dúirt cuid acu: “An té seo a d’oscail súile an daill, nach bhféadfadh sé chomh maith an duine seo a choimeád ón mbás?”

Tháinig suaitheadh arís ansin ar Íosa agus tháinig sé go dtí an tuama; pluais a ba ea é agus liag ina luí lena bhéal. Dúirt Íosa: “Aistrígí an liag.” Dúirt Marta, deirfiúr an mhairbh leis: “Tá sé bréan faoin am seo, mar tá sé ceithre lá marbh.” D’aistrigh siad an liag ansin agus d’ardaigh Íosa a shúile agus dúirt: “A Athair, gabhaim buíochas leat gur éist tú liom; bhí a fhios agam féin go n’éisteann tú liom i gcónaí; ach is ar son an tslua atá ina seasamh anseo i mo thimpeall, a labhair mé, chun go gcreidfíds gur chuir tú uait mé.” Arna rá sin dó, ghlaoigh sé de ghlór ard: “A Lazaras, tar amach!” Agus tháinig an marbhán amach agus éadaí báis fillte ar a lámha agus a chosa agus brat ar a cheannaithe. Dúirt Íosa leo: “Scaoilígí é agus ligígí chun siúil é.”

<https://www.youtube.com/watch?v=Dca8SSxXCmM>

Scéal YouTube faoi Lazaras á ardú ó na mairbh.

### Gníomhaíocht

Déan cur síos ar an mhíorúilt seo amhail is dá mba rud é go raibh tú mar fhinné nó mar iriseoir le ‘Iris na Gailíle’, ar leathanach gníomhaíochta na Sinsear.

### Gníomhaíocht Bhreise

Caith roinnt ama ag caint/smaoineamh ar dhuine ionúin leat a fuair bás; gaol, cara nó peata fiú. Tarraing pictiúr nó déan an t-ainm a mhaisiú, más maith libh cuimhneamh ar an duine seo. Cuir na pictiúir i mbosca i spás beannaithe an ranga.

Tabhair an rang ar Aifreann más féidir i rith an lae scoile le linn Mhí na Samhna. Iarr cead ón sagart an bosca leis na hainmneacha a leagadh os comhair na haltóra i rith an Aifrinn.



Leathanach Gníomhaíochta na Sinsear

# Iris na Gailile

Fear beo  
arís!



\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_





## Seirbhís Urnaí

Is féidir an tseirbhís urnaí seo a reáchtáil sa seomra ranga, sa halla, nó sa spás beannaithe. Tabhair cuireadh do phobal an pharóiste más féidir, don sagart paróiste/séiplíneach chomh maith. Tabhair cuireadh do thuismitheoirí na bpáistí agus do na seantuismitheoirí más oiriúnach an rud é.

### Míreanna Sa Spás Beannaithe

- \* Crann/leabhar/bosca cuimhneacháin
- \* Pictiúir/leathanaigh oibre na ndaltaí (Leathanach Gníomhaíochta na Sóisear)
- \* Scaraid bhoird ghlas
- \* Coinneal
- \* Uisce Coisricthe
- \* Cros



**Ceannaire:** Dia daoibh ar maidin. Cruinnimid lena chéile inniu le guí ar son ár ngaolta, ár gcairde, ár gcomharsana, ar son na mball teaghlaigh a fuair bás. Tugtar chun cuimhne iad i rith Mhí na Samhna ach go háirithe, agus an gealltanais a thug Críost dúinn go bhfuil An Bheatha Shíoraí i ndán dúinn. Tá sé de dhóchas ionainn go mairfimid go sona lena chéile go síoraí ar neamh. Cuirimid tús lenár n-urnaí in ainm an Athar, agus an Mhí, agus an Spioraid Naoimh. Amen.

**Amhrán Tosaigh:** A Íosa Coimeád na Cairigh

**Ceannaire:** Cé gur ábhar bróin dúinn cuimhneamh ar na daoine atá imithe uainn, tugaimid chun cuimhne iad trí na hainmneacha agus na pictiúir a chrochadh mar dhuilliúr ar an gcrann cuimhneacháin (nó a chur sa bhosca nó sa leabhar cuimhneacháin). Tuigimid gur thug Íosa an dóchas agus an dea-scéala dúinn. Éistimis anois leis an Dea-Scéala.



**Léitheoir 1:** Sliocht ó leabhar Íseáia fáidh

Ullmhóidh Tiarna na Slua ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir; cóisir shaille, cóisir de rogha na bhfionta... agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin a bhí ag clúdach na gciníocha go léir, agus an taisléine a bhí ag folach na náisiún uile; cuirfidh sé an bás ar ceal go deo. Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir; tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile; óir is é an Tiarna a dúirt é.

Briathar an Tiarna.

**Cách:** Buíochas le Dia.

**Ceannaire:** Guímis ar son na marbh. Is é an freagra ná: 'Go lonróidh solas Chríost anuas orthu'.

**Cách:** Go lonróidh solas Chríost anuas orthu.

**Léitheoir 2:** Ar son na seantuismitheoirí ar fad a fuair bás. (Freagra)

**Léitheoir 3:** Ar son na dtuismitheoirí ar fad a fuair bás. (Freagra)







## Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia



**Léitheoir 4:** Ar son na múinteoirí agus baill fhoirne eile na scoile seo a fuair bás. (Freagra)

**Léitheoir 5:** Ar son na sagart agus pobal an pharóiste a fuair bás. (Freagra)

**Léitheoir 6:** Ar son na ndaoine a fuair bás gan duine ar bith a chuimhneodh orthu. (Freagra)

**Léitheoir 7:** Ar son na ndaoine atá luaite ar an gCrann Cuimhneacháin. (Freagra)

**Ceannaire:** Tuigimid go maith go mbíodh Íosa de shíor ag guí chun an Athar ar Neamh. D'iarr sé orainne guí chun Dia ár nAthair chomh maith. Mar sin, de réir mar a dúirt Íosa, tá sé de mhisneach againne a rá:

**Cách:** Ár nAthair...

**Ceannaire:** A Dhia grámhar, gabhaimid buíochas leat as na daoine muinteartha linn a fuair bás, agus as an saothar a rinneadar inár measc. Go dtuga tú sólás do na daoine sin atá go mór ina ndiaidh. Go mbeidh cuimhne againn i gcónaí ar an ngealltanais a thug tú dúinn go n-athaontófar ar neamh lena chéile sinn amach anseo. Cuirimid ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.

**Cách:** Amen.

**Léitheoir 8:** Go dtuga Dia tacaíocht dúinn ar feadh an lae; chomh fada leis an gclapsholas agus le titim na hoíche, go dtí go dtagann ciúnas ar domhan, go dtí go mbíonn brú an tsaoil thart agus ár gcuid féin déanta againn. Deonaigh go mbronnfar tearmann trócaireach i bhfochair Chríost orainn, ionas go mbeidh síocháin is suaimhneas ar dheaslámh Dé go síoraí ar neamh againn.

**Ceannaire:** In Ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

**Cách:** Amen.

**Amhrán Deiridh:** Réir Dé

